**Cásanna Uamtha C-885/19 P agus C-898/19 P**

**Fiat Chrysler Finance Europe**
**v**
**An Coimisiún Eorpach**

**Breithiúnas na Cúirte (an Mór-Dhlísheomra) an 8 Samhain 2022**

(Achomharc – Státchabhair – Cabhair arna cur i bhfeidhm ag Ard-Diúcacht Lucsamburg – Cinneadh lena ndearbhaítear go bhfuil an chabhair ar neamhréir leis an margadh inmheánach agus neamhdhleathach, agus lena n-ordaítear a haisíoc – Rialú cánach – Buntáiste – Roghnaitheacht – Prionsabal an fheidhmithe neamhspleách – Creat tagartha – Dlí náisiúnta infheidhme – "Gnáthchánachas")

1. *Achomharc – Saincheisteanna dlí – Gá le hagóid shonrach maidir le pointe de réasúnaíocht na Cúirte Ginearálta*
*[Airteagal 256(1) CFAE; Reacht na Cúirte Breithiúnais, an chéad mhír d'Airteagal 58; Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais, Airteagal 168(1)(d) agus 169(2)]*

(féach míreanna 52, 53)

2. *Státchabhair – Coincheap – Idirghabháil an Stáit i réimsí nach ndearnadh comhchuibhiú orthu san Aontas Eorpach – Cánachas díreach – Cuimsiú – Inniúlachtaí na mBallstát – Teorainneacha*
*(Airteagal 107(1) CFAE)*

(féach míreanna 65-66, 119-121)

3. *Státchabhair – Coincheap – Roghnaitheacht an bhirt – Beart lena ndeonaítear buntáiste cánach – Critéar ábhartha chun roghnaitheacht an bhirt a chinneadh – Tabhairt isteach idirdhealaithe i measc oibreoirí atá i staid fhíorasach agus dhlíthiúil inchomparáide, ar idirdhealú é nach bhfuil údar leis i bhfianaise cineál agus scéim réime ginearálta cánach*
*(Airteagal 107(1) CFAE)*

(féach míreanna 67-68, 70, 122)

4. *Státchabhair – Coincheap – Roghnaitheacht an bhirt – Beart lena ndeonaítear buntáiste cánach – Rialú cánach maidir le praghas aistrithe gnóthais chomhtháite – Creat tagartha chun a chinneadh an bhfuil buntáiste ann – Sainiú ábhartha – Critéir – Gnáthrialacha cánach nó rialacha cánach coiteanna a shainaithint – Scrúdú ar chóireáil*

*chánach idirbheart laistigh den ghrúpa i bhfianaise phrionsabal an fheidhmithe neamhspleách – An dlí náisiúnta amháin a chur san áireamh chun rialacha nithiúla maidir le cur i bhfeidhm an phrionsabail sin a chinneadh*
*(Airteagal 107(1) CFAE)*

(féach míreanna 69, 71-74, 105)

5. *Achomharc – Saincheisteanna dlí – Athbhreithniú na Cúirte Breithiúnais ar fhíorais a cuireadh faoi bhráid na Cúirte Ginearálta – Eisiamh mura bhfuil saobhadh i gceist – Athbhreithniú ar aicmiú dlíthiúil na bhfíoras sa díospóid – Cuimsiú*
*(Airteagal 256( 1) CFAE; Reacht na Cúirte Breithiúnais, an chéad mhír d'Airteagal 58)*

(féach míreanna 82-85)

**Résumé**

Is cuid de ghrúpa Fiat/Chrysler é Fiat Chrysler Finance Europe, ar a dtugtaí Fiat Finance and Trade Ltd ("FFT") roimhe seo agus cuireann sé seirbhísí cisteáin agus maoinithe ar fáil do chuideachtaí den ghrúpa sin atá bunaithe san Eoraip. Agus a cheannoifig lonnaithe in Ard-Diúcacht Lucsamburg, d'iarr FFT a údaráis chánach Lucsamburg comhaontú praghsála aistrithe a fhormheas. I ndáil leis an iarratas sin, ghlac údaráis Lucsamburg rialú cánach lenar formheasadh modh chun íocaíocht FFT a chinneadh, mar chuideachta chomhtháite, as na seirbhísí a cuireadh ar fáil do na cuideachtaí eile de ghrúpa Fiat/Chrysler, rud a chuir ar chumas do FFT a bhrabús inchánach ar bhonn cáin ioncaim chorparáideach in Ard-Diúcacht Lucsamburg a chinneadh ar bhonn bliantúil.

I gcinneadh an 21 Deireadh Fómhair 2015[1] ("an cinneadh atá faoi chonspóid"), mheas an Coimisiún gur chabhair oibríochta nach raibh ag luí leis an margadh inmheánach de réir bhrí Airteagal 107 CFAE é an rialú cánach sin. Ina theannta sin, mheas an Coimisiún nár thug Ard-Diúcacht Lucsamburg fógra dó faoina cuid pleananna ina leith sin agus, dá bhrí sin, nár chomhlíon sí an oibleagáid neamhghníomhaíochta dá bhforáiltear in Airteagal 108(3) CFAE. Dá réir sin, d'ordaigh an Coimisiún go n-aisíocfar an chabhair neamhdhleathach sin nach raibh ag luí leis an margadh inmheánach.

Thionscain Ard-Diúcacht Lucsamburg agus FFT araon caingne le haghaidh neamhniú i gcoinne an chinnidh sin. Agus í ag diúltú do na caingne sin[2], d'fhormhuinigh an Chúirt Ghinearálta cur chuige an Choimisiúin arb é a bhí inti, i dtaca le córas cánach lena saothraítear an cuspóir cáin a ghearradh ar bhrabúis na gcuideachtaí cónaitheacha go léir, bídís comhtháite nó ná bíodh, go bhfuil údar cuí le cur i bhfeidhm phrionsabal an fheidhmithe neamhspleách, is cuma an bhfuil an prionsabal sin tugtha isteach sa dlí náisiúnta.

[1] Cinneadh (AE) 2016/2326 ón gCoimisiún an 21 Deireadh Fómhair 2015 maidir le státchabhair SA.38375 (2014/C ex 2014/NN) arna cur i ngníomh ag Lucsamburg i bhfabhar Fiat (IO 2016 L 351 lch. 1).

[2] Breithiúnas an 24 Meán Fómhair 2019, *Lucsamburg agus Fiat Chrysler Finance Europe* v *an Coimisiún* (T-755/15 agus T-759/15, EU:T:2019:670).

I mbreith ar dhá achomharc, arna dtabhairt ag FFT agus Éirinn, cuireann an Chúirt Bhreithiúnais, ina suí mar Mhór-Dhlísheomra, breithiúnas na Cúirte Ginearálta ar ceal agus, i mbreithiúnas críochnaitheach ar an díospóid, chuir sí an cinneadh atá faoi chonspóid ar neamhní freisin. Sa chomhthéacs sin, thug sí soiléiriú i dtaobh an féidir le rialuithe cánach arna dtabhairt ag údaráis chánach na mBallstát lena bhformheastar roimh ré modheolaíochtaí chun praghsáil aistrithe a chinneadh a bheith ina státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

*Breithniú na Cúirte Breithiúnais*

Mar réamhphointe, tugann an Chúirt dá haire, i gcomhthéacs anailís ar bhearta cánach i bhfianaise dhlí an Aontais Eorpaigh i réimse na státchabhrach, go bhfuil i gceist le scrúdú ar an gcoinníoll maidir le buntáiste roghnaitheach, ar dtús, an córas tagartha a shainaithint, eadhon an "gnáthchóras" cánach is infheidhme sa Bhallstát lena mbaineann, agus a léiriú ansin, go maolaíonn an beart cánach atá i gceist ón gcóras sin, a mhéid a thugtar isteach leis idirdhealú idir oibreoirí atá, i bhfianaise an chuspóra atá á shaothrú ag an gcóras sin, i staid inchomparáide fhíorasach agus dhlíthiúil, gan aon údar a bheith san áireamh i bhfianaise chineál nó scéim an chórais faoi chaibidil.

Go sonrach, maidir le sainaithint an chórais tagartha, a chaitear a dhéanamh tar éis díospóireacht sáraíochta leis an mBallstát lena mbaineann, bunaithe ar scrúdú oibiachtúil ar ábhar, ar struchtúr agus ar fhíoréifeachtaí na rialacha is infheidhme faoin dlí náisiúnta, agus taobh amuigh de na réimsí ina bhfuil comhchuibhiú déanta ar dhlí an Aontais, ní mór an córas sin a shainaithint, amhail a dhéantar leis an gcánachas díreach, i bhfianaise an dlí náisiúnta is infheidhme sa Bhallstát lena mbaineann agus sin amháin. Is é an Ballstát lena mbaineann a chinneann, trí fheidhmiú a chumhachtaí féin i réimse an chánachais dhírigh agus i gcomhréir lena neamhspleáchas fioscach, saintréithe comhpháirteacha na cánach, lena sainítear, i bprionsabal, an córas tagartha nó an "gnáthchóras cánach", a gcaithfear anailís a dhéanamh ar an gcoinníoll a bhaineann le roghnaitheacht ar a bhonn. Tá feidhm aige sin go háirithe maidir le cinneadh an bhoinn measúnaithe agus an teagmhais inmhuirearaithe.

Is i bhfianaise na mbreithnithe sin a scrúdaíonn an Chúirt, sa chás seo, trí mhodheolaíocht an Choimisiúin a fhormheas, an ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí agus an córas tagartha á shainaithint.

Ar an gcéad dul síos, sonraíonn an Chúirt gur ceist dlí í an cheist an ndearna an Chúirt Ghinearálta an córas tagartha ábhartha a shainiú go hiomchuí agus, dá réir sin, ar chuir sí i bhfeidhm prionsabal an fheidhmithe neamhspleách go cuí, ar féidir leis an gCúirt Bhreithiúnais athbhreithniú a dhéanamh uirthi ar achomharc.

Ar an dara dul síos, tugann an Chúirt dá haire, agus an córas tagartha á shainiú chun a chinneadh an ndeonaítear buntáiste roghnaitheach leis an rialú cánach don tairbhí, nach ndearna an Coimisiún comparáid leis an gcóras cánach is infheidhme de ghnáth sa Bhallstát lena mbaineann, tar éis scrúdú oibiachtúil a dhéanamh ar ábhar, ar idirghníomhú agus ar éifeachtaí nithiúla na rialacha is infheidhme faoi dhlí náisiúnta an Stáit sin. Chuir an Coimisiún prionsabal an fheidhmithe neamhspleách i bhfeidhm atá éagsúil ón bprionsabal sin mar a shainítear é faoi dhlí Lucsamburg, agus ní dhearna sé ach léiriú teibí an phrionsabail sin a shainaithint sa chuspóir atá á shaothrú ag córas ginearálta cánach ioncaim corparáide Lucsamburg, agus scrúdú a dhéanamh ar an rialú cánach atá faoi chaibidil gan aird a thabhairt ar an gcaoi a ndéantar an prionsabal sin a thabhairt isteach go sonrach sa dlí sin maidir le cuideachtaí comhtháite go háirithe.

Dá bhrí sin, sa chéad áit, trí chur chuige den sórt sin a fhormhuiniú, rinne an Chúirt Ghinearálta earráid dlí i gcur i bhfeidhm Airteagal 107(1) CFAE agus, sa dara háit, trí ghlacadh leis go bhféadfadh an Coimisiún brath ar rialacha nach raibh mar chuid de dhlí Lucsamburg, sháraigh an Chúirt Ghinearálta forálacha Chonradh FAE maidir le bearta a bheith á nglacadh ag an Aontas Eorpach chun dlíthe na mBallstát a bhaineann le cánachas díreach a chomhfhogasú, go háirithe Airteagal 114(2) CFAE agus Airteagal 115 CFAE.

I ndáil leis sin, dearbhaíonn an Chúirt, ar an gcéad dul síos, in éagmais comhchuibhiú ina leith sin i ndlí an Aontais, go dtagann an socrú féideartha maidir le modhanna agus critéir chun toradh de réir "an fheidhmithe neamhspleách" a chinneadh faoi shainrogha na mBallstát. Dá thoradh sin, níl ábhartha ach na forálacha náisiúnta chun críocha anailís a dhéanamh an gcaithfear idirbhearta áirithe a scrúdú i bhfianaise phrionsabal an fheidhmithe neamhspleách agus, más amhlaidh sin, cé acu an imíonn nó nach n-imíonn praghsanna aistrithe, arb iad an bonn iad d'ioncam inchánach duine inchánach agus a chionroinnt i measc na Stát lena mbaineann, ó thoradh feidhmithe neamhspleách.

Ansin, tugann an Chúirt dá haire go ndearna Ard-Diúcacht Lucsamburg foráil do rialacha sonracha chun íocaíocht faoi fheidhmiú neamhspleách a chinneadh i ndáil le cuideachtaí maoinithe grúpa, amhail FFT, rialacha nár chuir an Coimisiún san áireamh agus an anailís á déanamh aige ar an gcóras tagartha agus, dá bhrí sin, ar bhuntáiste roghnaitheach arna dheonú do FFT a bheith ann.

Ar deireadh, murab ionann agus an méid a chuir an Chúirt Ghinearálta in iúl ag an gcéad chéim, ní thacaíonn breithiúnas an 22 Meitheamh 2006, *an Bheilg agus Forum 187* v *an Coimisiún*[3], leis an seasamh go bhfuil feidhm ag prionsabal an fheidhmithe neamhspleách i gcás ina bhféachtar leis an dlí cánach náisiúnta cáin a fhorchur ar chuideachtaí comhtháite agus cuideachtaí neamhspleácha ar an mbealach céanna, is cuma an bhfuil an prionsabal sin tugtha isteach sa dlí sin agus conas a dhéantar sin. Sa chás sin, ba i bhfianaise na rialacha maidir le cánachas a leagtar amach sa dlí náisiúnta ábhartha, eadhon dlí na Beilge, a chinn an Chúirt gur cheart prionsabal an fheidhmithe neamhspleách a úsáid.

I bhfianaise an méid sin thuas, cuireann an Chúirt an breithiúnas faoi achomharc ar ceal, cinneann sí gur féidir breith a thabhairt ar an díospóid agus, ina breith, cuireann sí an cinneadh atá faoi chonspóid ar neamhní a mhéid a dhéantar leis an earráid a rinne an Coimisiún agus an "gnáthchánachas" mar a thugtar air á shainaithint, a raibh measúnú le déanamh ar an rialú cánach atá faoi chaibidil ina fhianaise sin, an réasúnaíocht iomlán a bhaineann le buntáiste roghnaitheach a bheith ann a chur ó bhail. Cinneann an Chúirt, go sonrach, nach bhféadfaí neamhniú an chinnidh atá i gceist a sheachaint toisc gur chuir an Coimisiún líne réasúnaíochta san áireamh freisin sa chinneadh sin, mar fhophointe, bunaithe ar Airteagal 164(3) de Chód Cánach Lucsamburg agus ar Chiorclán gaolmhar Uimh. 164/2. Rialaíonn an Chúirt nach ndéantar sa réasúnaíocht sin ach tagairt do phríomhanailís an Choimisiúin maidir le cur i bhfeidhm an chórais tagartha mar is ceart, ionas nach n-athraíonn sí ach ar bhealach soiléir earráid an Choimisiúin maidir le sainaithint an chórais tagartha ba cheart a bheith mar bhonn lena anailís i ndáil le buntáiste roghnaitheach a bheith ann.

[3] Breithiúnas an 22 Meitheamh 2006, *an Bheilg agus Forum 187* v *an Coimisiún* (C-182/03 agus C-217/03, EU:C:2006:416)